



lyit


Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn
Letterkenny Institute of Technology

SCÉIM INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA LEITIR CEANAINN 2015 – 2018

**Faoi alt 15 d'Acht na
dTeangacha Oifigiúla, 2003**

LETTERKENNY INSTITUTE OF TECHNOLOGY SCHEME 2015 – 2018

**Under Section 15 of the
Official Languages Act, 2003**



LEAGAN GAEILGE


IRISH LANGUAGE VERSION



Clár		Leathanach
Caibidil 1.	Réamhrá agus Cúlra	
	Réamhrá	1
	Réamhrá agus Cúlra	2
1.1	Ullmhú na Scéime	2
1.2	Clár Ábhair na Scéime Teanga	2
1.3	Dáta Tosaigh na Scéime	2
1.4	Forbhreathnú ar an LYIT	3
Caibidil 2.	Gealltanais i ndáil le Soláthar Seirbhíse i nGaeilge	6
2.1	Soláthar Eolais don Phobal	6
2.2	Tairiscint Ghníomhach ar Sheirbhís	6
2.3	Pointe an Chéad Teagmhála	7
2.4	Seirbhísí Dátheangach duine-le-duine	7
2.5	Bróisiúir, Foirmeacha Iarratais agus Bileoga Eolais	7
2.6	Foilseacháin Eile na hInstitiúide	8
2.7	Córais Ríomhairí	8
2.8	An Suíomh Gréasáin	8
2.9	Seirbhísí Idirghníomhacha	9
2.10	Cláracha Acadúla	9
2.11	Polasaí i leith Cruinnithe Poiblí/Cuairteanna Scoile	9
2.12	Logainmneacha na Gaeltachta	10
2.13	CoLab	10
Caibidil 3.	Ag Feabhsú Inniúlacht na hInstitiúide sa Ghaeilge	11
3.1	Earcú agus Ceapachán	11
3.2	Traenáil agus Forbairt Foirne	11
3.3	Feabhsú ar Sheirbhísí Tacaíochta	11
3.4	Cur Chun Cinn na Gaeilge	11
3.5	Gníomhaíochtaí Eile	12
Caibidil 4.	Faireachán agus Athbhreithniú	14
Caibidil 5.	Poiblíocht ar an Scéim Chomhaontaithe	15

CAIBIDIL 1

RÉAMHRÁ AGUS CÚLRA



RÉAMHRÁ

Is í seo an tríú scéim d'Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn faoi Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Chruthaigh ár gcéad dhá scéim go maith i dtaca leis an Acht a dhaingniú inár n-oibriúcháin laethúla san LYIT.

Cuireann an tríú scéim seo ar ár gcumas tógáil ar an dul chun cinn atá déanta agus a chinntiú go mbeidh an Institiúid in inmhe rannpháirtíocht níos nádúrtha a bheith aici i gcomhlíonadh riachtanais an Achta. Tá sé mar aidhm ag an LYIT i gcónaí a bheith rannpháirteach i spiorad an Achta agus cur chuige aireach onnghníomhach a ghlacadh le é a chur i bhfeidhm trínar scéimeanna.

Maidir le Plean Straitéiseach na hInstitiúide 2014-17, faoina chrann taca de Chomhoibriú agus Caidreamh Réigiúnach, tiomanaíonn sé é féin chun *“díriú ar chur chun cinn oidhreachta an réigiúin agus go háirithe an teanga Ghaeilge”*.

Tá an aidhm straitéiseach seo cuimsithe inár gcur chuige dár Scéim i leith na Gaeilge agus táimid ag tnúth le cur i ngníomh rathúil sna blianta amach romhainn.

Paul Hannigan

Uachtarán

RÉAMHRÁ AGUS CÚLRA

Is í seo an tríú scéim teanga don Ghaeilge a d'ullmhaigh Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn chun cloí le *hAlt 15* d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 (dá ngairfear "An tAcht" anseo feasta). Cuireann *Alt 11* foráil ar fáil do chuideachtaí poiblí scéim reachtúil a ullmhú ina dtugann siad sonraí faoina seirbhísí a chuirfidh siad ar fáil:

- Trí mheán na Gaeilge,
- Trí mheán an Bhéarla, agus
- Trí meán na Gaeilge agus an Bhéarla

maraoon leis na bearta atá le bheith glactha chun a chinntiú go mbeidh seirbhís ar bith, nach bhfuil a soláthar ag an chuideachta trí mheán na Gaeilge, curtha ar fáil sa teanga sin laistigh d'am comhaontaithe.

Tógann an tríú scéim seo ar scéimeanna níos luaithe na hInstitiúide agus ar an ghnás agus an cleachtas atá i bhfeidhm san Institiúid, chomh maith leis na prionsabail do Sheirbhís Ardchaighdeán do Chustaiméirí.

1.1 ULLMHÚ NA SCÉIME

Cuireann *Alt 12* den Acht foráil ar fáil don Aire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta treoirlínte a ullmhú agus a eisiúint chuig comhlachtaí poiblí chun cuidiú leo Dréachtscéimeanna a ullmhú. Cuireadh an Scéim seo le chéile le haireadhu ar na treoirlínte sin, agus i ndiaidh próiseas comhairliúcháin cuimsitheach le mic léinn, leis an fhoireann agus le hionadaithe leasmhara ón taobh amuigh. Foilsíodh fógra poiblí faoi *Alt 13* den Acht i mí Feabhra 2015, ag lorg moltaí i ndáil le hullmhúchán na tríú dréachtscéime don LYIT. Tá an Scéim curtha ar an eolas de thairbhe na moltaí go léir a fuarthas maraoon le tuairimí agus barúlacha ó na páirtithe leasmhara go léir. Cuireann an Institiúid a buíochas in iúl do gach duine a raibh baint acu leis an phróiseas seo as ucht a gcuid ama agus a n-iarrachta.

Leagann an scéim seo amach na spriocanna atá curtha os a coinne féin ag an Institiúid don chéad tréimhse trí bliana eile agus sonraítear na réimsí tosaíochta. Beidh freagracht monatóireachta agus athbhreithnithe ar Bhord Feidhmiúcháin na hInstitiúide, ar a bhfuil an tUachtarán ina Chathaoirleach.

1.2 CLÁR ÁBHAIR NA SCÉIME TEANGA

Aithníonn an tríú scéim seo an dea-thoil atá san LYIT i leith na Gaeilge agus tógtar ar an dul chun cinn a rinneadh ar fud na heagraíochta mar thoradh ar chur i bhfeidhm na scéimeanna roimhe seo.

Rinneadh seachadadh ar iomlán na ngealltanais a bhí sonraithe i ndara scéim na hInstitiúide agus rinneadh dul chun cinn suntasach dá bharr. Feabhsaíodh seirbhísí dátheangach ar fud na hInstitiúide go léir. Mar sin féin, aithníonn an Institiúid an tábhacht leanúnach atá le leathnú agus feabhsú na seirbhísí dátheangach. Sa chás nár cuireadh i bhfeidhm ina n-iomláine go dtí seo na gealltanais a bhí i scéimeanna roimhe seo, beidh an cheist ina ábhar plé le hOifig an Choimisinéara Teanga.

Tá sé mar chuspóir ag an tríú scéim seo leanúint de bheith ag comhlíonadh na ngealltanais sin agus leibhéal na seirbhíse a fheabhsú thar thréimhse na scéime (2015-2018).

1.3 DÁTA TOSAIGH NA SCÉIME

Tá an Scéim seo deimhnithe ag an Aire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta. Cuirfear tús leis an Scéim ar an 12ú lá de Dheireadh Fómhair 2015. Fanóidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana ón dáta seo ar aghaidh nó go dtí go ndeimhnóidh an tAire Scéim úrnua de bhun *Alt 15* den Acht, cibé ceann acu is déanaí.

1.4 FORBHREATHNÚ AR INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA LEITIR CEANAINN

1.4.1 Próifil na hInstitiúide

Is institiúid oideachais tríú leibhéal an-rathúil í Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn (LYIT) atá lonnaithe ar dhá champas, i Leitir Ceanainn agus sna Cealla Beaga, Contae Dhún na nGall. Tá sí ag cur cúrsaí ardoideachais ar fáil i nDún na nGall ón bhliain 1971. Sa bhliain 1998, ainmníodh í mar Institiúid Teicneolaíochta agus san am i láthair tá tuairim is 3,500 mac léinn lánaimseartha cláraithe ar chúrsaí Ardteastais, Céime agus Máistreachta. Tá réimse leathan cúrsaí a thairiscint ag LYIT i roinnt de na príomhdhisciplíní, ar a n-áirítear gnó, innealtóireacht, eolaíocht, altranas, ríomhaireacht, dearadh agus meáin chruthaitheacha, turasóireacht, fáilteachas agus ealaíona cócaireachta. I mí Feabhra na bliana 2007, rinneadh Coláiste Turasóireachta na gCealla Beaga a imeascadh san LYIT mar Scoil iomlán de chuid na hInstitiúide. Tá údarás tarmligthe chuig an LYIT ó Dhearbhu Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) ag tabhairt cead di a cuid dámhachtainí féin a bhronnadh ag Leibhéal 6–9 (i.e. ó leibhéal Ardteastais go Céim Mháistir a mhúintear).

Tá tuairim is 350 ball foirne fostaithe ag an Institiúid san am i láthair agus tá forbairt déanta ar réimse iomlán de sheirbhísí riaracháin, ina measc Ionad Faisnéise Acmhainní, Seirbhísí Mac Léinn, Seirbhísí Faisnéise Teicneolaíochta, Acmhainní Daonna, Eastáit, Forbraíocht agus Airgeadas. Tá Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn ag leanúint de bheith ag cur a cuid cúrsaí in oiriúint do riachtanais an réigiúin agus leanfaidh sí ar aghaidh lena ról tábhachtach san aistriú ó dhéantúsaíocht traidisiúnta go dtí gnólachtaí eolasbhunaithe. Tá an Institiúid tiomanta le tacaíocht leanúnach a thabhairt do nuáil, fiontraíocht, taighde, comhairleoireacht agus forbairt réigiúnach.

1.4.2 Féiniúlacht Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn

Misean

Deimhneoidh Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn a próifil náisiúnta suntasach do shármhaitheas san ardoideachas a bhuíochas do leanúint de chlár forbartha uailmhianach atá curtha ar an eolas ag polasaí poiblí, rannpháirtíocht láidir réigiúnach, agus tiomantas bunúsach do éiteas atá dírithe ar na mic léinn.

Fís

- Le bheith aitheanta go leitheadach mar phríomhinstitiúid ardoideachais de bharr cáilíocht á géimithe agus ár gcláracha oideachais atá dírithe ar fhostaíocht.
- Lenár sárchaidreamh atá againn lenár mic léinn a choimeád agus a bheith mar eiseamláir do sheirbhísí mac léinn agus áiseanna an champais.
- Le ról lárnach a bheith againn i dtiomáint forbairt réigiún an Iarthuaiscirt tré thaighde, nuáil agus tionscnaimh fhiontraíochta agus ár bpáirtíocht fadbhunaithe le comhlachtaí oideachais agus tionscail.
- Le tacú le cur i bhfeidhm polasaí poiblí agus, go háirithe, an straitéis ardoideachais náisiúnta, agus ag déanamh dúshaothrú ar láidreacht ar leith an LYIT agus an cuntas go dtí seo ar rannpháirtíocht trasteorann.

Bunluachanna

1. Ionracas – Táimid cuntasach, ionraice, trédhearcach, agus freagrach inár ngníomhaíochta go léir.
2. Cuimsiú – Táimid fáilteach, urramach, tacúil, agus dírithe ar na mic léinn.
3. Uailmhian – Táimid i gcónaí ag tabhairt dúshláin dúinn féin le seachadadh a dhéanamh ar mhianaidhmeanna ár bhfoireann, ár gcuid mac léinn agus ár bpáirtithe leasmhara seachtracha.
4. Sármhaitheas – Táimid tiomanta do chur chuige dea-chleachtas a chlúdaíonn iomlán leasanna na hInstitiúide le béim ar fhoghlaim agus ar theagasc, taighde, agus eispéireas na mac léinn.

5. Réigiún – Táimid dírithe ar sheachadadh don réigiún straitéisí náisiúnta seo trí rannpháirtíocht le gníomhaireachtaí forbartha, fostaithe agus an pobail níos leitheadaí.
6. Comhoibriú – Táimid meáite ar sheachadadh a dhéanamh ar an acmhainneacht do na braislí réigiúnacha agus na comhaontais straitéiseacha atá ann cheana féin, agus comhpháirtíochtaí a fhorbairt tuilleadh chun misean na hInstitiúide a bhaint amach.

1.4.3 Custaiméirí agus Páirtithe Leasmhara

Is iad mic léinn na hInstitiúide a príomhchustaiméirí agus ar an tséala sin tá freagracht cúraime ar leith aici dóibh. Chomh maith leis sin, bíonn an Institiúid ag idirghníomhú le hInstitiúidí oideachais eile, le gníomhaireachtaí agus leis an phobal i gcoitinne. Is iad seo a leanas na cliaint agus na custaiméirí príomha:

- Mic Léinn agus a dteaghlaigh
- Fostaithe na hInstitiúide
- An Bord Bainistíochta
- An Chomhairle Acadúil
- An tÚdarás um Ard-Oideachas
- An Roinn Oideachais agus Scileanna
- Ranna Rialtais agus Cleamhnaithe
- Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI)
- Soláthraithe
- An Pobal Áitiúil
- Institiúidí Teicneolaíochta Eile
- Institiúidí Ard-Oideachais Eile
- Bunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna
- Eagraíochtaí Ionadaíochta na bhFostaithe - Ceardchumainn
- IBEC
- Comhlachais Proifisiúnta
- Boird Oideachais agus Oiliúna
- Údaráis Áitiúla
- SOLAS (An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna)
- Fáilte Éireann
- Lónadóireacht Chartwells
- Údarás na Gaeltachta
- An tÚdarás Forbartha Tionscail (IDA)
- Fiontraíocht Éireann (Enterprise Ireland)
- Oifig Fiontair Áitiúil
- Cumann Tráchtála agus Tionsclaíoch Leitir Ceanainn
- Eagraíochtaí Spóirt

Maidir leis na gealltanais atá glactha ag Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn i leith caighdeán na seirbhísí custaiméirí, i ndáil le seachadadh na seirbhísí sin chuig ár gcuid custaiméirí, cloífar leis na gealltanais sin ní miste cibé chuirtear na seirbhísí sin ar fáil trí mheán na Gaeilge nó trí mheán an Bhéarla.

1.4.4 Réimsí Feidhmiúcháin na hInstitiúide

Feidhm/Réimse	Roinn
<i>Oifig an Chláraitheora</i>	An Clár lann Seirbhísí na Mac Léinn An Cuar Leabharlann Seirbhísí T.F. (I.T.) An Chomhairle Acadúil
<i>Oifig an Rúnaí/an Rialtóra Airgeadais</i>	Airgeadas Acmhainní Daonna Eastáit
<i>Oifig na Forbraíochta</i>	Seirbhísí Tionsclaíocha/Idirchaidrimh Taighde, Forbairt & Oiliúint Oideachas Aosach & Oideachas Leantach Forbairt Fiontair & Goradáin Oifig Idirnáisiúnta
<i>Scoil Staidéir Ghnó</i>	An Roinn Staidéir Ghnó An Roinn Dlí & Daonnachtaí An Roinn Dearaidh & na Meáin Chruthaitheacha
<i>Scoil na hInnealtóireachta</i>	An Roinn Innealtóireachta Sibhialta & Tógála An Roinn Leictreonaice & Innealtóireachta Meicniúla
<i>Scoil na hEolaíochta</i>	Roinn na hEolaíochta Roinn na Ríomhaireachta An Roinn Altranais & Staidéar Sláinte
<i>An Scoil Turasóireachta</i>	An Roinn Fáilteachais agus Turasóireachta An Roinn Gastranómachais agus na nEalaíon Cócaireachta

CAIBIDIL 2

GEALLTANAIS I nDÁIL LE
SOLÁTHAR SEIRBHÍSE I
nGAEILGE



GEALLTANAIS I NDÁIL LE SOLÁTHAR SEIRBHÍSE I NGAEILGE

Tá an Institiúid landáiríre faoina gealltanais i ndáil le seirbhísí den chéad scoth a chur ar fáil dá custaiméirí i nGaeilge agus/nó go dátheangach. Tabharfar tús áite dóibh seo a leanas sa scéim:

- Tuilleadh feabhsúcháin a dhéanamh ar chumas na hInstitiúide seirbhísí a sholáthar trí mheán na Gaeilge.
- Leanúint de bheith ag ardú feasacht na mball foirne ar an scéim.
- Leanúint de bheith ag feabhsú ábaltacht na mball foirne sa Ghaeilge a bhuí d'oilíúint agus forbairt.
- Leanúint den fhorbairt ar sheirbhísí do mhic léinn a bhuí do dhoiciméadú dátheangach agus seirbhís labhartha duine le duine in áiteanna faoi leith.
- Chun leanúint le monatóireacht a dhéanamh ar an éileamh do sheirbhísí i nGaeilge.
- Méadú a dhéanamh ar líon na gcúrsaí ina mbeadh céimithe in inmhe a gcuid oibre a chur i gcrích trí mheán na Gaeilge, nuair atá a leithéid sin inchumais.

Sa chaibidil seo, leagtar amach iomlán na ngealltanais úrnua agus na ngealltanais leanúnach maidir le soláthar seirbhísí agus gníomhaíochtaí ginearálta na hInstitiúide trí mheán na Gaeilge agus/nó go dátheangach dár gcustaiméirí go léir.

GEALLTANAIS ÚRNUA AGUS LEANÚNACHA

2.1 SOLÁTHAR EOLAIS DON PHOBAL

Ó cuireadh an chéad agus an dara scéim i bhfeidhm san LYIT faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, tá méadú leanúnach ag teacht ar chumarsáid dhátheangach. Rinneadh moll mór de dhoiciméid na hInstitiúide a ullmhú i bhformáid dátheangach sna blianta idir eatarthu agus, le linn tréimhse na scéime seo agus scéimeanna a thiofadh ina diaidh, beidh an Institiúid ag gníomhú go dúthrachtach ar mhaithe le soláthar litríochta agus cumarsáide trí mheán na Gaeilge a mhéadú, go háirithe iontu seo a leanas:

- Leanfar le bróisiúir, foirmeacha iarratais agus bileoga eolais a chur ar fáil mar a bhí sonraithe roimhe.
- Foilseacháin (Féach 2.5 & 2.6)
- Preas Ráitis - leanfar ar aghaidh agus cuirfear iad seo ar fáil go dátheangach, nó i nGaeilge amháin más cuí sin. Beidh leaganacha dátheangacha foilsithe ar shuíomh Gréasáin LYIT.
- Suíomh Gréasáin (Féach 2.8)

Cuirfear óráidí nó ráitis (macasamhail Aitheasc an Uachtaráin ag an Searmanas Bronnta Céime gach bliain) ar fáil sa teanga/sna teangacha ina gcuirtear i láthair iad. Déanfar cártaí gnó na mball foirne agus cuirí chuig imeachtaí a phriontáil go dátheangach i gcónaí.

2.2 TAIRISCINT GHNÍOMHACH AR SHEIRBHÍS

Ina cuid idirghníomhaíochtaí laethúla le custaiméirí, glacfaidh an Institiúid gach deis d'fhonn bolscaireacht agus fógraíocht a dhéanamh ar a seirbhísí trí mheán na Gaeilge, trí na modhanna seo a leanas:

- A chur in iúl do chustaiméirí go díreach onnghníomhach go bhfuil sé de rogha acu a ngnó a dhéanamh leis an Institiúid trí mheán na Gaeilge, mar shampla, trí fhógraí a bheith ar taispeáint sna hoifigí fáilte a léiríonn na seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge agus fosta na seirbhísí sin a bheith breá feiceálach ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide.

- Fonótaí a chur ar threoirlínte, bileoga agus foirmeacha iarratais áirithe, ag míniú go bhfuil na doiciméid seo le fáil i nGaeilge chomh maith (i gcásanna nuair nach bhfuil ábhar clóbhuailte go dátheangach faoin chlúdach amháin céanna).
- Nótaí a chur isteach i bhfoilseacháin agus i bhfógraíocht ag rá go gcuireann an Institiúid seirbhísí ar fáil trí mheán na Gaeilge agus go bhfáiltíonn sí roimh chustaiméirí atá i bhfách lena ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge, de réir na ngealltanas atá ina scéimeanna chomhaontaithe.

2.3 POINTE AN CHÉAD TEAGMHÁLA

Is iad na fáilteoirí/teileafónaithe lasc-chláir na chéad phointí teagmhála don phobal. Dá bhrí sin, beidh sé mar pholasaí ag an Institiúid, ó thosach na Scéime, a chinntiú go bhfuil na gnáthcleachtais de Sheirbhís Chaighdeánach Custaiméara (QCS) i bhfeidhm sna háiteanna seo, mar a leanas:

- Leanfaidh na ball foirne sna hoifigí fáilte/ag an lasc-chlár ar aghaidh ag tabhairt ainm na hInstitiúide i nGaeilge.
- Beidh baill foirne sna hoifigí fáilte breá eolach ar na beannachtaí bunúsacha i nGaeilge.
- Beidh socrúithe i bhfeidhm sa dóigh go dtig leis na baill foirne sin daoine ón phobal a chur ar aghaidh láithreach chuig an oifig nó chuig an oifigeach atá freagrach as an tseirbhís atá á tairiscint i nGaeilge a chur ar fáil.

Tugadh isteach beannú glórphoist teileafóin dátheangach ag iomlán na Deasca Cabhracha do Sheirbhísí Ríomhairí.

2.4 SEIRBHÍSÍ DÁTHEANGACH DUINE LE DUINE

Roghnaigh an Institiúid an **Leabharlann** agus **Oifig na nGairmeacha Beatha** mar dhá áit tosaíochta do sheachadadh seirbhísí dátheangach cuntair agus teileafóin. Tá duine amháin, ar a laghad, le cumas cumarsáide i nGaeilge ar fáil sna háiteanna seo agus leanfaidh an tseirbhís sin ar aghaidh i gcónaí.

Chomh maith leis sin, tá seirbhís idirchaidrimh dhátheangach (labhartha den chuid is mó) ar fáil sa chéad phointe teagmhála in Oifig na Seirbhísí Seachtracha, seirbhís atá thar a bheith tábhachtach do chomhlachtaí agus d'eagraíochtaí atá ag feidhmiú i gceantair Ghaeltachta. Is í an Ghaeilge a bheas mar an teanga réamhshocráithe don oifig seo chun déileáil le custaiméirí agus cliaint i gceantair Ghaeltachta.

Leanfaidh an príomhoifig sa Chuar agus an oifig riaracháin i Scoil na hInnealtóireachta ar aghaidh ag déileáil le fiosrúcháin ghinearálta bhunúsacha i nGaeilge.

2.5 BRÓISIÚIR, FOIRMEACHA IARRATAIS AGUS BILEOGA EOLAIS

Beidh bróisiúir, foirmeacha iarratais agus bileoga eolais ar bith a bhaineann leo foilsithe faoin chlúdach céanna, seachas nuair nach bhfuil a leithéid sin indéanta de bharr méide, leagan amach nó nádúr an doiciméid. Uair ar bith go gcuirfear na bróisiúir, foirmeacha iarratais agus bileoga seo ar fáil ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide, beidh an leagan Gaeilge curtha ar fáil ag an am céanna leis an leagan Béarla.

Nuair a chuirtear foirmeacha iarratais agus bileoga eolais ar fáil mar leaganacha ar leith i nGaeilge agus i mBéarla, cinnteoidh an Institiúid go dtabharfar an suntasacht chéanna don dá leagan i ngach suíomh poiblí agus go mbeidh an leagan Gaeilge chomh furasta a fháil leis an leagan Béarla. Cuirfear in iúl go honnghníomhach do chustaiméirí go bhfuil leagan faoi leith Gaeilge ar fáil trí ráiteas oiriúnach a bheith ar an leagan Béarla agus/nó trí mhodhanna eile a mheasann an Institiúid a bheith fóirsteanach. Maidir le bróisiúir atá dírithe ar an mhargadh idirnáisiúnta, beidh siadsan i mBéarla amháin.

Beidh sonraíochtaí poist á n-ullmhú i gcónaí i nGaeilge do chásanna ina bhfuil Gaeilge ina bunriachtanas don phost (macasamhail léachtóirí i nGaeilge). Leanfar de bheith ag cur sonraíochtaí do phostanna i gcásanna ina n-athraíonn an téacs go minic ar fáil i mBéarla amháin go fóill.

2.6 FOILSEACHÁIN EILE NA HINSTITIÚIDE

Tá an Institiúid tiomanta lena cuid cáipéisí faisnéise inmheánacha agus a cuid foilseacháin inmheánacha a fhoilsiú go dátheangach. Leanfaidh an Institiúid ar aghaidh ag cur leaganacha téacs i nGaeilge agus i mBéarla ar fáil i gcaipéisí úrnua ar bith. Déanfar tuarascálacha comhairliúcháin agus doiciméidí teicniúla speisialaithe a fhoilsiú sa teanga inar cuireadh i láthair iad a chéadair.

Tá an t-eolas cineálach go léir ó mhíreanna tosaigh Réamheolaire na hInstitiúide ar fáil anois go dátheangach ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide. Tugtar sonraí na gcúrsaí sa teanga ina ndéantar an cúrsa a sheachadadh. Tá na míreanna a bhaineann le heolas ginearálta sa Réamheolaire d'Oideachas Aosach agus Oideachas Leantach ar fáil go dátheangach ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide. Arís, tugtar sonraí na gcúrsaí sa teanga ina ndéantar an cúrsa a sheachadadh.

Comhlánfar i dtólamh an méid téacs i nGaeilge atá i Lámhleabhar na Mac Léinn le linn na scéime seo, ar aon dul leis na moltaí a tháinig roimhe. Bíonn alt i nGaeilge anois i ngach eagrán de Nuachtlitir na Leabharlainne. Leanfar ar aghaidh ag cur ar fáil na míreanna ar an Chomhairle Acadúla, ar Bhuanorduithe agus ar Pholasáí i bhformáid dátheangach.

Beidh alt i nGaeilge ar fáil i gcónaí ar thopaic a bhaineann le gairm bheatha sa Leabhrán Faisnéise Gairme.

2.7 CÓRAIS RÍOMHAIRÍ

Thar thréimhse na scéimeanna teanga roimhe seo, rinneadh ríomhairí na mbaill foirne go léir agus ríomhairí na mac léinn a chomhoiriúnú don Ghaeilge, i.e. cuireadh carachtair aibítreacha na Gaeilge ar fáil orthu. Leanfaidh an Institiúid ar aghaidh ag cinntiú go bhfuil ríomhairí/ríomhairí glúine úrnua, maraon le cinn atá ann cheana féin, curtha in oiriúint do charachtair aibítreacha na Gaeilge. Tá Sraith Uirlisí Profála Microsoft Office (Gaeilge) ar fáil anois le húsáid mar seiceálaí litrithe na Gaeilge, in áit Gaelspell. Cuireadh treoirilínte do shuiteáil na nUirlisí Profála MS Office (Gaeilge) ar inlíon LYIT, maraon le sonraí ar acmhainní éagsúla eile ríomhaire sa teanga Ghaeilge. Cuireadh é seo in iúl le ríomhphost don fhoireann agus do mhic léinn ar infhaighteacht.

Ní féidir feidhmchláir atá curtha ar fáil go lárnach, macasamhail *Core*, *Agresso*, *Banner*, *Millenium* agus *VLE*, a dhéanamh comhoiriúnach don Ghaeilge. Is iad soláthraithe tríú páirtí a dhéanann óstáil agus cothabháil orthu sin agus de bharr sin níl sé ar acmhainn na hInstitiúide iad a dhéanamh comhoiriúnach don Ghaeilge.

Bíonn an Painéal Rialúcháin, atá suite ar gach uile ríomhaire deisce san Institiúid (ríomhairí na mball foirne agus na mac léinn) ar taispeáint go dátheangach.

2.8 SUÍOMH GRÉASÁIN

Leanfaidh suíomh gréasáin na hInstitiúide ag cur ar fáil leathanaigh ginearálta eolais sa dá theanga oifigiúil. Thig le húsáideoirí cliceáil ar a rogha teanga.

Leanfaidh an mhír Airgeadais de shuíomh gréasáin na hInstitiúide a bheith ar fáil go dátheangach. Cinnteoidh an Institiúid go ndéanfar aon fhoilseachán, a eisítear i nGaeilge nó go dátheangach, a chur ar fáil ar leagan Gaeilge shuíomh gréasáin na hInstitiúide (bileoga eolais agus bróisiúir san áireamh) ag an am céanna leis an leagan Béarla.

Beidh an leathanach baile agus leathanaigh ginearáta eolais ar bith eile d'aon shuíomh gréasáin nua a chuirfear in áit faoi stiúir an LYIT le linn tréimhse na tríú scéime seo curtha le chéile go dátheangach. Is é suíomh gréasáin na Leabharlainne san LYIT an t-aon eisceacht sa chás seo. Cé go bhfuil sé nasctha le suíomh gréasáin príomha na hInstitiúide agus infhaighte uaidh, ní féidir é a dhéanamh dátheangach siocair gur tríú páirtí (*An Chéim Applications*) a dhéanann óstáil agus cothabháil air.

2.9 SEIRBHÍSÍ IDIRGHNÍOMHACHA

Níl seirbhísí idirghníomhacha ar bith, atá faoi bhainistíocht agus ostáilte ag LYIT, ag feidhmiú san Institiúid faoi láthair.

Déanfar seirbhísí idirghníomhacha úrnua ar bith, atá faoi bhainistíocht agus ostáilte ag LYIT, a ligeann don phobal ginearálta iarratais a dhéanamh ar-líne nó sochair a fháil ar-líne, déanfar iad a thabhairt isteach sa dá theanga ag an am ceannann céanna.

2.10 CLÁRACHA ACADÚLA

I láthair na huaire, níl aon fhianaise ann go bhfuil go leor éilimh ar thuilleadh cúrsaí lánaimseartha trí mheán na Gaeilge a dheimhnódh na hinfheistíochta a bheadh de dhíth. Déanfar é seo a iniúchadh gach uile bhliain, áfach, agus tabharfar cúrsaí úrnua isteach de réir éilimh agus faoi réir ag go leor maoiniúcháin.

Is féidir le mic léinn lánaimseartha Gaeilge a ghlacadh mar mhodúl ann féin ar chlár áirithe san Institiúid. Cuireann na modúil seo deis ar fáil do mhic léinn lánaimseartha a gcumas sa Ghaeilge a fheabhsú faoi chreat modúlúcháin/seimeastraithe.

Faoi láthair, tá an Institiúid ag comhoibriú le NUIG (Ollscoil na Gaillimhe) chun cúrsa dar teideal *Dioplóma sa Ghaeilge* a sholáthar ar champas Leitir Ceanainn.

Ar an 17 Aibreán 2015, chuir LYIT, i gcomhair le NUIG, togra ar aghaidh chuig an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta agus chuig an tÚdarás um Ard-Oideachas, ar an tríú scairt do thograí faoin Tionscnamh do Scileanna Ard-Ghaeilge. Glacadh leis an dá thogra seo, *MA sa Léann Teanga* agus *MA san Ateangaireacht Chomhdhála*.

Le dornán blianta, tá fógraíocht déanta ag an Institiúid ar na cúrsaí bliantúla seo a leanas faoin Chlár d'Oideachas Leantach:

Labhraímis Gaeilge/Let's Speak Irish (1)

Labhraímis Tuilleadh Gaeilge/Let's Speak More Irish (2)

D'imigh an cúrsa ar aghaidh in 2014/15.

Leanfar ar aghaidh ag fógaire na gcúrsaí seo agus á gcur ar fáil, faoi réir ag go leor éilimh.

2.11 POLASAÍ I LEITH CRUINNITHE POIBLÍ/CUAIRTEANNA SCOILE

Ní thionólaí an Institiúid cruinnithe poiblí laistigh den Ghaeltacht agus réachtáiltear a cuid cruinnithe poiblí go léir trí mheán an Bhéarla. Mar sin féin, déanann an Institiúid a dícheall sprioc-chruinnithe sa Ghaeltacht/sna Gaelscoileanna, a réachtáil trí mheán na Gaeilge.

2.12 LOGAINMNEACHA NA GAELTACHTA

Bainfidh an Institiúid úsáid as Logainmneacha Oifigiúla na gCeantar Gaeltachta, [mar atá fógraithe ag an Aire san Ordú Logainmneacha (Ceantair Ghaeltachta) 2004], faoi choinne cuspóirí oifigiúla.


2.13 CoLAB

Leanfaidh an Institiúid ar aghaidh ag déanamh éascú ar aon chliant san CoLab nó ar aon rannpháirtí i gClár Forbairt Fiontar a lorgaíonn seirbhís trí mheán na Gaeilge.



CAIBIDIL 3

AG FEABHSÚ
INNIÚLACHT NA
hINSTITIÚIDE SA
GHAEILGE



AG FEABHSÚ INNIÚLACHT NA HINSTITIÚIDE SA GHAELGE

3.1 EARCÚ AGUS CEAPACHÁN

Thar thréimhse na Scéime seo agus na scéimeanna atá le theacht, cinnteoidh Oifig na nAcmhainní Daonna, (faoi réir ag an fhrámaíocht náisiúnta chomhaontaithe i leith nósanna imeachta earcaíochta) go mbeidh dóthain ball foirne le líofacht Gaeilge i ngach rannán. I láthair na huaire, tá Oifig na nAcmhainní Daonna ag úsáid traenáil agus forbairt foirne mar mhodh príomha chun barrfheabhsú a dhéanamh ar infhaighteacht sheirbhísí thrí Ghaeilge.

Leanfaidh polasaí earcaíochta na hInstitiúide de bheith curtha ar an eolas ag an riachtanas do scileanna sa Ghaeilge in eochair-réimsí macasamhail rúnaíocht, oifigí fáilte, léachtóireacht i nGaeilge nó i bpost ar bith ina mbeidh Gaeilge thar a bheith riachtanach don phost. Cheana féin, tá córas ualaithe i scileanna Gaeilge curtha in áit do cheapacháin ag leibhéal iontrála do phostanna riaracháin, córas a léireoidh an léibhéil líofachta Gaeilge atá riachtanach don phost.

Tugtar paca ionductúcháin do bhaill foirne ar bith a cheaptar, paca ina bhfuil cóip dár gcaipéis chomhaontaithe scéime, maraon le cóip de bhróisiúr ina bhfuil ceisteanna agus freagraí a cuireadh le chéile go speisialta ar mhaithe lena chinntiú go bhfuil baill foirne ar an eolas fá oibleagáidí na hInstitiúide faoin reachtaíocht. Leanfar ar aghaidh de bheith ag cur comhairle ar bhaill foirne nua i ndáil leis na deiseanna atá ar fáil dóibh chun a geumas sa Ghaeilge a fheabhsú.

3.2 TRAENÁIL AGUS FORBAIRT FOIRNE

Tá an Institiúid, tríd an Oifig Acmhainní Daonna, tiomanta i gcónaí le hoiliúint oiriúnach a chur ar fáil don fhoireann agus le tacú le forbairt na foirne. Chun cloí le riachtanais an Achta, leanfaidh Oifig na nAcmhainní Daonna ar aghaidh ag feabhsú cumas na Gaeilge i measc na foirne, trí úsáid a bhaint as na bearta atá sonraithe i mír 4.6 den chéad scéim.

Tá Oifig na nAcmhainní Daonna tiomanta chun leanúint de bheith ag soláthar ranganna Gaeilge, atá creidiúnaithe mar is ceart, ar bhonn leanúnach do bhaill foirne, chomh fada is a bheas go leor uimhreacha do ranganna. Lena chois sin, tá tacaíocht iomlán na hInstitiúide ar fáil d'aon bhall foirne atá i bhfách le cúrsaí seachtracha a dhéanamh sa Ghaeilge.

3.3 FEABHSÚ AR SHEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA

Ag leanúint ar aghaidh ó scéimeanna na hInstitiúide roimhe seo, tugtar tús áite i gcónaí d'fheabhsú na seirbhísí tacaíochta i nGaeilge. Cé go ndearna an Institiúid feabhsú go céim áirithe ar chumas na foirne sa Ghaeilge i rith scéimeanna teanga roimhe seo, níl ach líon beag de na baill foirne féinmhuiníneach go leor ina n-ábaltacht seirbhísí trí Ghaeilge a chur ar fáil. Am ar bith a bhfuil sé riachtanach, leanfaidh an Institiúid ar aghaidh ag tabhairt seirbhísí, macasamhail aistriúcháin, amach ar conradh go fóill beag.

3.4 CUR CHUN CINN NA GAEILGE

Tá an Institiúid tiomanta go hiomlán do chur chun cinn agus forbairt na Gaeilge ar an champas. Tá cionroinnt an tsoláthar foirne rialaithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus ar an tséala sin, níl ceapachán foirmeálta d'Oifigeach Gaeilge inmharthana i láthair na huaire. Mar sin féin, tá ball foirne sannta ag an Institiúid le déileáil le gach rud a bhaineann le Gaeilge san LYIT. Léiríonn an sannadh de dhuine den fhoireann riaracháin le roinnt blianta an tiomantas suntasach airgeadais atá ag an LYIT i leith na Gaeilge.

Leanfaidh an Institiúid ag réachtáil ‘Lá na Gaeilge’ le linn Seachtain na Gaeilge gach uile bhliain. Is lá iomlán é seo de ghníomhaíochtaí le téamaí Gaeilge/Gaelacha, ina measc feasacht teanga, bolscaireacht ar chúrsaí Gaeilge, rincí Gaelacha, filíocht i nGaeilge, bia agus ceol Gaelach.

- Gríosáítear baill foirne agus mic léinn araon le bheith rannpháirteach agus a gcúpla focal a úsáid.
- Déanfaidh an Scoil Turasóireachta comhordú comhghníomhaíochta ar imeachtaí le téama Gaeilge le linn *Lá na Gaeilge* gach bliain.
- Leanfaidh Aontas na Mac Léinn lena gcionroinnt agus/nó déanfaidh siad urraíocht ar dhuais faoi choinne ceann de na himeachtaí a d’fhéadfaí a chur ar siúl le linn Seachtain na Gaeilge.

Cuireadh clár fógraí, tiomnaithe don Ghaeilge, ar fáil sa champas i Leitir Ceanainn ar mhaithe le ball foirne agus mic léinn a choinneáil ar an eolas fá gach rud a bhaineann leis an Ghaeilge, ina n-áirítear acmhainní foghlama, na seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge san LYIT, imeachtaí agus eolas i ndáil le cearta/oibleagáidí teanga faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla. Beidh freagracht leanúnach cothabhála ar an teagmhálaí d’Acht na dTeangacha Oifigiúla do chlár na bhfógraí.


3.5 GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE

- Déanfar Réamhrá an Uachtaráin i nuachtlitir na foirne a phriontáil go dátheangach i gcónaí.
- Priontálfar go dátheangach an Féilire Acadúil a fhoilsítear ar an suíomh gréasáin agus a eisítear do bhaill foirne agus do mhic léinn gach bliain.
- Nuair a bheifear ag cur amach cuirí chuig Aitheasc an Uachtaráin gach bliain le linn insealbhú na Mac Léinn, déanfar iad a sheoladh go dátheangach le ríomhphost.
- Déanfar an Foirm Iarratais do Rochtain ar Oideachas Tríú Leibhéal, a bhaintear úsáid as sa Chuar, a ullmhú go dátheangach, go leictreonach agus i bhformáid cruachóip araon, faoi dheireadh na scéime seo.
- Ullmhófar an Fhoirm do Chustaiméir Nua, a eisíonn an Oifig Airgeadais, go dátheangach faoi dheireadh na scéime reatha seo.
- Gníomhóidh an Leabharlann i gcónaí mar stór do na hacmhainní foghlama i nGaeilge do bhaill foirne agus do mhic léinn m.sh. leabhair, dlúthdhioscaí, DVDanna &rl. i nGaeilge. Tá an Leabharlann tiomanta le hathbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar bhonn leanúnach ar na hacmhainní Gaeilge seo.
- Beidh cóipeanna tagartha de nuachtáin Ghaeilge mar chuid de stoc na Leabharlainne i gcónaí.
- Ullmhófar leagan inmheánach LYIT den Fhoirm Iarratais ar Iasacht Chomhalartach an Chomhaontas Connacht/Uladh/IT Áth Luain go dátheangach faoi dheireadh na scéime seo.
- Leanfaidh Oifig na nEastát, Aontas na Mac Léinn agus na baill foirne riaracháin sa Scoil Eolaíochta agus sa Scoil Turasóireachta ag úsáid síniú ríomphoist dhátheangach do chumarsáid leictreonach mar a ngnáthchóras.
- Faoi dheireadh na scéime reatha, beidh an Bainisteoir IT agus an Riarthóir IT ag úsáid síniú ríomphoist dhátheangach do chomhfhreagras leictreonach.
- Leanfaidh an aitheasc oscailte d’ionduchtúchán mac léinn i Roinn na hInnealtóireachta agus Tógála ar aghaidh go dátheangach.
- Tabharfaidh Oifigeach na nGairmeacha caint i nGaeilge ar na roghanna gairme gach bliain, ón fhómhar 2015 ar aghaidh, do na mic léinn sa ghrúpa *BA i Riarachán & Teicneolaíocht Faisnéise*, a roghnaigh Gaeilge mar a modúl togtach.
- Déanfar an fhoirm do Athrú Seoladh a údáidtear sa Chlárlann a ullmhú go dátheangach roimh dheireadh na scéime reatha.



CAIBIDIL 4

FAIREACHÁN AGUS
ATHBHREITHNIÚ



FAIREACHÁN AGUS ATHBHREITHNIÚ

Coinneoidh Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide, ar a bhfuil an tUachtarán ina Chathaoirleach, cur i bhfeidhm éifeachtach na Scéime faoi athbhreithniú. Go príomha, is iad ceannairí na réimsí feidhmiúcháin (Baill na Comhairle Feidhmiúcháin), atá freagrach as cur i bhfeidhm na Scéime laistigh dá réimsí féin, a dhéanfaidh monatóireacht laethúil ar chur i ngníomh na Scéime. Gheobhaidh siad cuidiú agus tacaíocht ón Oifigeach Teagmhála san LYIT d'Acht na dTeangacha Oifigiúla. Déanfar monatóireacht agus tuairisciú ar an dul chun cinn go ráithiúil.

Tá córas foirmeálta forbartha ar fud na hInstitiúide chun monatóireacht a dhéanamh ar éilimh ar sheirbhísí trí mheán na Gaeilge. Is é seo bunachar sonraí lárnach trína bhféadfadh baill na Comhairle Feidhmiúcháin éilimh ar sheirbhísí trí mheán na Gaeilge a logáil isteach de réir mar a tharlaíonn siad ina réimsí faoi seach.



CAIBIDIL 5

POIBLÍOCHT AR AN
SCÉIM
CHOMHAONTAITHE



POIBLÍOCHT AR AN SCÉIM CHOMHAONTAITHE

Cuirfear clár ábhair na Scéime seo maraon leis na gealltanais agus soláthairtí atá sonraithe innti in iúl don phobal i gcoitinne sna modhanna seo a leanas:-

- Preas Ráiteas;
- Fógraíocht ar na soláthairtí;
- Dáileadh ar na gníomhaireachtaí agus comhlachtaí poiblí ábhartha;
- Suíomh Gréasáin

In éineacht le nóta ón Uachtarán, déanfar cáipéis na Scéime a dháileadh le ríomhphost go himmheánach ar bhaill foirne agus mic léinn na hInstitiúide go léir agus cuirfear cóip den Scéim chomhaontaithe ar aghaidh chuig Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla.

Is é an leagan Béarla den scéim seo an leagan oifigiúil.

LEAGAN BÉARLA
ENGLISH LANGUAGE VERSION




Table of Contents	Page
Chapter 1. Introduction and Background	
Foreword	1
Introduction and Background	2
1.1 Preparation of the Scheme	2
1.2 The Content of the Language Scheme	2
1.3 Commencement Date of Scheme	2
1.4 Overview of LYIT	3
Chapter 2. Commitments to Service Delivery in Irish	6
2.1 Provision of Information to the Public	6
